C/2024/5918

1.10.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/5918)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Roussette de Savoie'

PDO-FR-A0173-AM01

Dáta na teachtaireachta: 11.7.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Limistéar geografach**

I bpointe 1(a) de Roinn IV de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, cuireadh na focail 'tarlaíonn' in ionad na bhfocal 'cuirtear i gcrích' agus cuireadh na focail 'ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020' isteach i ndiaidh na bhfocal 'na bardais seo a leanas'.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, is féidir an limistéar geografach a shainaithint faoi threoir leagan 2020 den Chód Geografach Oifigiúil, ar Cód é a thug an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) cothrom le dáta, agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil do shainiú an limistéir gheografaigh.

Tugadh liosta na mbardas arb ionann iad agus an limistéar geografach, lena n-áirítear a n-ainmneacha, cothrom le dáta, gan aon athruithe a dhéanamh ar an teorainn, chun na hathruithe riaracháin a rinneadh a chur san áireamh.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoi phointe 6 'Limistéar geografach críochaithe'.

Cuireadh abairt le pointe 1 de Roinn IV freisin, ar abairt í ina mínítear go bhfuil léarscáileanna a chumhdaíonn an limistéar geografach ar fáil ar shuíomh gréasáin INAO.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2. **Limistéar díreach in aice láimhe**

I bpointe 3(a) de Roinn IV de Chaibidil I den tsonraíocht, cuireadh na focail 'ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020' isteach i ndiaidh na bhfocal 'na bardais seo a leanas'.

Leis an leasú eagarthóireachta sin is féidir an limistéar atá díreach in aice láimhe a shainaithint faoi threoir leagan 2020 den Chód Geografach Oifigiúil, arna fhoilsiú ag INSEE.

Tríd an tagairt sin a chur isteach, déantar sainiú an limistéir atá díreach in aice láimhe slán ó thaobh an dlí de.

Rinneadh liosta na mbardas arb ionann iad agus an limistéar atá díreach in aice láimhe, lena n-áirítear a n-ainmneacha, a thabhairt cothrom le dáta, gan athruithe a dhéanamh ar an teorainn, chun na hathruithe riaracháin a rinneadh a chur san áireamh.

Leasaíodh an roinn den doiciméad aonair dar ceannteideal 'Coinníollacha breise'.

3. **Dlús plandaithe**

Cuireadh na forálacha seo a leanas in ionad Chaibidil I(VI)(1)(a) den tsonraíocht:

Is 5 000 planda in aghaidh an heicteáir é dlús íosta na bhfíniúnacha san fhíonghort. Is 2,50 méadar nó níos lú í an spásáil idir na rónna. Is 0,80 méadar ar a laghad í an spásáil idir plandaí sa ró céanna.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Maidir le fíniúnacha a bhfuil dlús plandaithe acu atá comhionann le 6 000 planda in aghaidh an heicteáir nó níos mó, is 0,70 méadar ar a laghad í an spásáil idir plandaí sa ró céanna.

Rinneadh an fhoclaíocht bhunaidh a athdhréachtú gan an riail a athrú.

Cuireadh riail nua isteach, rud a fhágann gur féidir úsáid fíniúnacha ag a bhfuil dlús plandaithe níos mó ná an dlús íosta a choinneáil san ainmniúchán, ach ar fíniúnacha iad, mar gheall ar an dlús sin, a phlandaítear ag achar idir 0,70 agus 0,80 méadar idir plandaí.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoi cheannteideal 5 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

4. **Teorainn táirgeachta uasta**

I gCaibidil I, Roinn VIII(2) den tsonraíocht:

— cuireadh an figiúr '70' in ionad an fhigiúir '68';

— cuireadh an figiúr '66' in ionad an fhigiúir '62'.

Tá fíonghoirt sléibhe leochaileach i dtaca le guaiseacha aeráide de, lenar féidir an acmhainneacht bhuainte a laghdú go mór.

Chun na caillteanais sin a fhritháireamh i mblianta fabhracha, méadaíodh na huastáirgeachtaí.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoi cheannteideal 5 'Cleachtais fhíoneolaíocha'.

5. **Cúrsaíocht idir trádstórais údaraithe**

Scriosadh pointe 4(b) de roinn IX de Chaibidil I den tsonraíocht, maidir leis an dáta ónar féidir na fíonta a iompar idir trádstórais údaraithe.

Chun go bhféadfar fíon a aistriú go luath, go háirithe chuig trádálaithe, scriosadh an dáta ónar féidir fíonta a ghluaiseacht idir trádstórais údaraithe.

Leasaíodh teideal phointe 4 de roinn IX trí na focail 'iompar táirgí agus' a bhaint.

I bpointe (4)(a) de roinn IX:

— scriostar an(a) den teideal;

— scriostar na focail 'forálacha ginearálta'.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

6. **Bearta idirthréimhseacha**

Scriosadh Roinn XI de Chaibidil I den tsonraíocht táirge maidir le bearta idirthréimhseacha.

Tá na bearta idirthréimhseacha curtha i gcrích.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

7. **Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú**

Déantar XI de Roinn XII de Chaibidil I den tsonraíocht táirge.

I gcomhréir le scriosadh XI as Caibidil I, athraítear uimhriú XII.

Ní dhéanann an leasú sin ar an tsonraíocht táirge difear don doiciméad aonair.

8. **Tagairt don chomhlacht cigireachta**

I bhfianaise na rialacha athbhreithnithe dréachtaithe, tá leasú déanta ar an gcéad mhír de Roinn II de Chaibidil III den tsonraíocht.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Roussette de Savoie'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód na hAinmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUAS FÍONÉAGAR

2204 – fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. Fíonta geala socra

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is é 10 % an neart íosta alcóil nádúrtha de réir toirte. Tar éis an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 13 %. Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá cion siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide dhá ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir. Tá a n-aigéadacht luaineach agus a gcion dé-ocsaíde sulfair mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Bíonn úire mar shaintréith de bhlas na bhfíonta de ghnáth, agus bíonn dea-bholadh ann lena ngabhann scáileanna torthaí geala agus meala mar shaintréith dá gcuid go minic.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. Fíonta geala socra arna bhforlíonadh le hainm geografach breise 'Frangy', 'Marestel', 'Monterminod', 'Monthoux'

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is é 10,5 % an neart íosta alcóil nádúrtha de réir toirte. Tar éis an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 13,5 %. Maidir le baisceanna fíona atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó arna bpacáistiú, tá cion siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) acu nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide dhá ghram, suas go 8 ngram ar a mhéad, de shiúcra coiptheach in aghaidh an lítir. Tá a n-aigéadacht luaineach agus a gcion dé-ocsaíde sulfair mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Tá raon níos mó blais ag fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Marestel' mar gheall ar aibíocht níos mó na bhfíonchaor. Tá próifíl fíona thirim ag fíonta ag a bhfuil na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha 'Frangy', 'Monterminod' agus 'Monthoux', lena ngabhann blasanna bláthacha den chuid is mó.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tar éis an tsaibhrithe, ní ceadmhach neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 13 %.

Maidir le fíonta ag a bhfuil na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha 'Frangy', 'Marestel', 'Monterminod' nó 'Monthoux', ní ceadmhach, tar éis an tsaibhrithe, neart alcóil iomlán de réir toirte níos mó ná 13,5 % a bheith acu.

Tá toirmeasc ar fháisceáin leanúnacha a úsáid.

Dlús, rialacha prúnála agus buaint

Modh saothraithe

— Dlús plandaithe

Is 5 000 planda in aghaidh an heicteáir é dlús íosta na bhfíniúnacha san fhíonghort. Is 2,50 méadar nó níos lú í an spásáil idir na rónna. Is 0,80 méadar ar a laghad í an spásáil idir plandaí sa ró céanna.

Maidir le fíniúnacha a bhfuil dlús plandaithe acu atá comhionann le 6 000 planda in aghaidh an heicteáir nó níos mó, is 0,70 méadar ar a laghad í an spásáil idir plandaí sa ró céanna.

— Rialacha prúnála

Tagann na fíonta ó fhíniúnacha a phrúnáiltear ar bhonn bliantúil:

— prúnáil ghearr (cuach, gaothrán, Cordon de Royat) lena ngabhann ceithre spor ar a mhéad in aghaidh an phlanda. Bíonn dhá bhachlóg ar a mhéad ar gach spor. Nuair a dhéantar dáileacht fíonghoirt a athnuachan trí úsáid a bhaint as Cordon de Royat, ní mór líon na mbachlóg in aghaidh an phlanda a bheith níos lú ná ocht gcinn nó comhionann leis an líon sin.

— nó prúnáil fhada (Guyot aonair nó dúbailte), agus 12 bhachlóg ar a mhéad ann in aghaidh an phlanda.

— Forálacha speisialta maidir leis an bhfómhar a iompar

— Ní mór an trealamh chun an fómhar a iompar agus a fháil a bheith i riocht maith ginearálta cothabhála.

— Toirmisctear leantóirí fíonchaor lena ngabhann caidéil lártheifeacha a úsáid.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. 'Roussette de Savoie'

70 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Roussette de Savoie arna fhorlíonadh leis an ainm geografach 'Frangy', 'Marestel', 'Monterminod', 'Monthoux'

66 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Ní mór na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a tháirgeadh agus a thabhairt chun cineáil sna bardais seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020:

— i roinn Isère: Chapareillan;

— i roinn Savoie: Apremont, Arbin, Barby, Billième, Le Bourget-du-Lac, Brison-Saint-Innocent, Challes-les-Eaux, Chanaz, Chignin, Chindrieux, Cruet, Entrelacs (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch iarbhardas Saint-Germain-la-Chambotte amháin), Fréterive, Jongieux, Lucey, Montmélian, Motz, Myans, Porte-de-Savoie, Ruffieux, Saint-Alban-Leysse, Saint-Baldoph, Saint-Jean-de-Chevelu, Saint-Jean-de-la-Porte, Saint-Jeoire-Prieuré, Saint-Pierre-d'Albigny, Serrières-en-Chautagne agus Yenne;

— i roinn Haute-Savoie: Ayse, Ballaison, Bassy, Bonneville, Challonges, Chaumont, Chessenaz, Clarafond-Arcine, Desingy, Douvaine, Franclens, Frangy, Loisin, Marignier, Marin, Massongy, Musièges, Publier, Sciez, Thonon-les-Bains, Usinens, Vanzy agus Ville-la-Grand.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Altesse B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc):**

8.1. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha atá ábhartha maidir leis an nasc*

Síneann na fíonghoirt ina leathchiorcal ar bhunchnoic mhasaíf na nAlp, ó Thonon-les-Bains, sa tuaisceart, siar ó Albertville sa deisceart, ag dul trí Frangy, feadh Loch Bourget, ó dheas ó Chambéry go Combe de Savoie. Tá siad suite i ranna Savoie, in Haute-Savoie agus in imeall thuaidh Isère. Síneann an limistéar geografach thar chríoch 52 bhardas.

Tá roinnt staideanna geolaíocha an-éagsúil ann i bhfíonghoirt éagsúla:

— Bunchnoic Savoie, a chomhfhreagraíonn don log mór pear-alpach, a chumhdaítear le sil-leagain mholáis (sil-leagain mhuirí arb é creimeadh na nAlp sa ré Threasach is cúis leo), agus is minic a bhíonn sil-leagain ghláracha níos déanaí os cionn na sil-leagan sin nó atá siad creimthe ag oighearshruthanna Ceathartha, mar is léir ó Loch na Ginéive nó Loch Bourget;

— Fillteacha Iúrasacha atá leabaithe i sil-leagain mholáis; lena bhfoirmítear na sléibhte is faide siar de chuid na masaífe (Dent du Chat, Chautagne), agus lena ngabhann treoshuíomh ginearálta thuaidh-theas;

— Na gleannta agus na loig a ghearrann trí na hAlpa aolchloiche (Gleann Arve, Gleann Chambéry agus Combe de Savoie).

Is gnách go n-áitíonn na láithreáin fíonsaothrúcháin éagsúla foirmíochtaí geolaíocha a rinneadh le déanaí mar thoradh ar dhianchreimeadh mhasaíf na nAlp, ar creimeadh atá fós ar siúl sa lá atá inniu ann:

— gaineamh agus glár Ceathartha gairbhéil arna ndeascadh ag na haibhneacha meara Alpacha, go háirithe sa cheantar thart ar Loch na Ginéive;

— moiréan oighreach a bhaineann leis gCeathartha luath, arna dheascadh ar fhánaí píodmantacha nó ar bhallaí gleannta;

— scileach iar-oighreach ag bun na sléibhte (Monterminod, Combe de Savoie);

— Sil-leagain mholáis Threasacha (Frangy);

— foshraitheanna ó thitim Mont-Granier, a tharla mar thoradh ar sciorradh talún 1248 agus ar mheascadh marlaí (aolchloch chréúil) agus aolchloch de chuid na Tréimhse Cailcí.

Tá lomáin áitiúla carraigeacha níos sine ann freisin nach bhfuil clúdaithe ag sil-leagain a tharla le déanaí, go háirithe marlaí agus aolchlocha de chuid na Tréimhse Iúrasaí uachtaraí (Marestel, Monthoux).

Tá aeráid mhuirí ann sa réigiún, a bhfuil tionchar ag gaotha aniar uirthi rud a thugann bogthaise agus athruithe measartha teochta. Mar sin féin, tagann sé faoi réir tionchair ilchríochacha agus dheisceartacha freisin. Tugann an ghaoth aduaidh fuacht thirim léi ó am go chéile. Bíonn dálaí cineálta ag baint leis an ngaoth aneas. Déanann an topagrafaíocht difear do na tionchair sin. Treisítear an bhogthaise aeráid-bhainteach trí bhíthin láithreacht chúltacaí uisce (i bhfoirm lochanna, sneachta agus oighir) atá ag foinse líonra hidreagrafaigh nach beag. Bíonn an ghrian ag taitneamh ar feadh thart ar 1 600 uair an chloig sa bhliain, agus bíonn fómhar te ann. Tá na fíonghoirt dírithe i dtreo an deiscirt agus an oirdheiscirt, nó i dtreo an iarthair. Is iad na heilimintí sin – topagrafaíocht, airde, nochtadh don ghrian, athruithe teochta de réir airde – a chinneann an iliomad nideog aeráide ar laistigh díobh atá na fíonghoirt suite i bplásáin de mhéideanna éagsúla.

8.2. *Tuairisc ar na tosca daonna atá ábhartha maidir leis an nasc*

Is fianaise é an taifead stairiúil ar chineál Altesse B a bheith ann in Savoie sa 14ú haois. Bunaíodh an cineál sin ar dtús ar fhánaí léibheannaithe i mbardais Jongieux agus Lucey, agus choinnítí an fíon a dhéantaí as le haghaidh na huaisle. Bhíodh an t-ainm 'Marestel' ar an limistéar fíonsaothrúcháin, rud a léirigh uaisliú Claude Mareste, comhairleoir don Diúc Emmanuel Philibert de Savoie, in 1563. Thugtaí 'Roussette' ar an bhfíon, rud a thagair do dhath scothdhearg na bhfíonchaor nuair a bhí siad aibí. Tá tuairisc tugtha ag roinnt údar ar fhorbairt fíonta ar ardchaighdeán a tháirgtear i bhfíonghoirt ar leis an uaisle agus leis an *bourgeoisie* iad, agus i bhfíonghoirt de chuid na dtuathánach, suas go dtí an 19ú haois. In 1774, d'fhoilsigh A. Costa de Beauregard aiste ar thalmhaíocht ina dtagraíonn sé don chineál fíonchaoire Altesse B, á chur síos air mar chineál a bhfuil leochaileacht áirithe aige i dtaca le déileáil le fungas seadánach ach, dá ainneoin sin, atá in ann ardleibhéal aibíochta a bhaint amach nuair a shíneann na dálaí comhshaoil an séasúr fáis.

Cé go gcumhdaíonn an limistéar geografach dhá roinn Fhrancacha i réigiún Savoie, shainaithin tomhaltóirí ceithre láithreán ina bhfuil dálaí atá fabhrach go háirithe do shaothrú chineál Altesse B agus aithníodh iad leis na hainmniúcháin gheografacha bhreise seo a leanas: 'Frangy', 'Marestel', 'Monterminod' agus 'Monthoux'.

Le teacht an iarnróid, agus ag deireadh neamhspleáchas Savoie, ba thréith de chuid an dara leath den naoú haois déag iomaíocht ó fhíonta na Fraince, go háirithe na fíonta sin ón Deisceart. Mar thoradh ar an iomaíocht sin, bhí tréimhse lag-dhíolacháin ann, go háirithe ag tús an fichiú haois. Níor mhair ach feirmeacha beaga le linn na tréimhse idirchogaidh, ach níor oibrigh siad ach an leathchuid de na fíonghoirt.

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, d'eagraigh saothróirí beaga fíona an réigiúin iad féin chun a modhanna saothraithe agus táirgthe a nuachóiriú. Chuaigh siad isteach i gcomhlachais áitiúla agus chruthaigh siad ceithre shiléar fíona chomhoibritheacha.

Ón tráth a aithníodh é mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe in 1973, tá forbairt déanta ar an réigiún fíonsaothrúcháin agus, ag an am céanna, tá a mhodhanna saothraithe traidisiúnta coimeádta ar bun aige.

Ba chabhair an dinimic sin, laistigh d'ainmniúcháin gheografacha chomhlántacha, le cáil ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Roussette de Savoie' a dhaingniú, ar ainmniúchán é a tháirgtear ón gcineál 'Altesse B' amháin agus, ag an am céanna, tugadh spreagadh i leith téarnamh láithreán a bhfuil ardluach talmhaíochta agus tírdhreacha acu. Cabhraíonn struchtúr na bhfíonghort féin, a bhíonn faoi úinéireacht teaghlaigh de ghnáth agus a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin, leis an bhfabraic thuaithe agus thalmhaíochta a choimeád ar bun. Sa chomhthéacs sin, bhí claonadh ag saothróirí fíona díolacháin dhíreacha a fhorbairt i ndáil lena dtáirge.

8.3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Tá na fíonghoirt suite i mbloic de mhéideanna éagsúla mar thoradh ar na sliabhraonta, as a dtagann difríochtaí suntasacha ó thaobh gné de, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, dálaí sonracha gaoithe (gleannghaotha, sruthanna ardaitheacha) chomh maith le dlúthlíonra hidreagrafach lochanna, athsceití agus aibhneacha.

Is iondúil go mbíonn na dáileachtaí atá críochaithe go sonrach chun na fíonchaora a tháirgeadh suite ar na fánaí réamh-alpacha agus ar na cnoic mhoiréanacha ina bhfuil ithreacha bochta cré-aolchloiche dea-dhraenáilte a bhfuil cion íseal cré iontu, agus a bhfuil a n-aghaidh ó dheas nó siar ó dheas.

Maidir le saothróirí fíniúna, le linn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le fíonghoirt ar thaobh na gcnoc ina bhfuil sé deacair buaint mheicniúil a dhéanamh, díríonn siad ar theicnící saothraithe fíniúna amhail díbhachlú, glasbhuaint, baint duilleog agus ar thuiscint a fháil ar an réasúnaíocht atá taobh thiar de na cleachtais sin. Fágann na teicnící sin gur féidir neart agus táirgeacht na bhfíniúnacha a rialú. Cuidíonn siad freisin le stádas sláinte na bhfíonchaor a fheabhsú. Mar gheall ar chumasc na ndálaí an-srianta sin agus na dteicnící a úsáideann na saothróirí fíona, is féidir le fíonchaora Altesse B a aibiú ar feadh tréimhse níos faide, rud a fhágann go bhfuil na fíonta níos casta i dtéarmaí orgánaileipteacha.

Is gnách go ndíoltar an fíon laistigh den réigiún, go háirithe le bialanna. Cuidíonn péireáil idir na fíonta sin agus táirgí áitiúla, go háirithe iasc agus cáis, lena n-íomhá ghastranómach a fheabhsú. Baineann díolacháin tairbhe as tionchar tráchtála na turasóireachta geimhridh sna sléibhte agus na turasóireachta samhraidh thart ar na lochanna (Loch na Ginéive, Loch Annecy, Loch Bourget, Loch Aiguebelette). Rannchuidíonn an dinimic sin le cáil fhíonta 'Roussette de Savoie' lasmuigh de theorainneacha an réigiúin.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is éard atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú maidir le táirgeadh fíonta, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020:

Roinn Ain

Ambléon, Andert-et-Condon, Anglefort, Arboys en Bugey, Belley, Billiat, Brégnier-Cordon, Brens, Challex, Champfromier, Chanay, Chazey-Bons, Chézery-Forens, Collonges, Colomieu, Confort, Conzieu, Corbonod, Cressin-Rochefort, Culoz, Farges, Giron, Injoux-Génissiat, Izieu, Lavours, Léaz, Magnieu, Massignieu-de-Rives, Montanges, Murs-et-Gélignieux, Parves et Nattages, Péron, Peyeuri, Plagne, Pollieu, Pougny, Premeyzel, Saint-Germain-de-Joux, Saint-Germain-les-Paroisses, Saint-Jean-de-Gonville, Surjoux-Lhopital, Seyssel, Valserhône, Villes agus Virignin.

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is éard atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú maidir le táirgeadh fíonta, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020:

Roinn Isère

Les Abrets en Dauphiné (an chuid a chomhfhreagraíonn d'iarbhardais Les Abrets agus Fitilieu amháin), Les Adrets, Aoste, Barraux, La Bâtie-Montgascon, Bernin, Biviers, La Buissière, Le Champ-près-Froges, Chamrousse, Le Cheylas, Chimilin, La Combe-de-Lancey, Corbelin, Crêts en Belledonne (an chuid a chomhfhreagraíonn d'iarbhardas Moretel-de-Mailles amháin), Crolles, Domène, Entre-deux-Guiers, la Flachère, Froges, Goncelin, Granieu, Hurtières, Laval, Lumbin, Miribel-Les-Echelles, Montbonnot-Saint-Martin, Murianette, La Pierre, Plateau-des-Petites-Roches, Pontcharra, Le Pont-de-Beauvoisin, Pressins, Revel, Romagnieu, Saint-Albin-de-Vaulserre, Saint-André-le-Gaz, Saint-Christophe-sur-Guiers, Saint-Ismier, Saint-Jean-d'Avelanne, Saint-Jean-le-Vieux, Saint-Joseph-de-Rivière, Saint-Laurent-du-Pont, Saint-Martin-de-Vaulserre, Saint-Martin-d'Uriage, Saint-Maximin, Saint-Mury-Monteymond, Saint-Nazaire-les-Eymes, Saint-Pierre-de-Chartreuse, Saint-Pierre-d'Entremont, Saint-Vincent-de-Mercuze, Sainte-Agnès, Sainte-Marie-d'Alloix, Sainte-Marie-du-Mont, Tencin, La Terrasse, Theys, Le Touvet, Le Versoud agus Villard-Bonnot.

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is éard atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú maidir le táirgeadh fíonta, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020:

Roinn Savoie

Aiguebelette-le-Lac, Aillon-le-Jeune, Aillon-le-Vieux, Aiton, Aix-les-Bains, Argentine, Arith, Arvillard, Attignat-Oncin, Avressieux, Ayn, La Balme, Barberaz, Bassens, La Bauche, Bellecombe-en-Bauges, Belmont-Tramonet, Betton-Bettonet, La Biolle, Bonvillard, Bonvillaret, Bourdeau, Bourget-en-Huile, Bourgneuf, La Bridoire, Chambéry, Chamousset, Chamoux-sur-Gelon, Champagneux, Champ-Laurent, La Chapelle-Blanche, La Chapelle-du-Mont-du-Chat, La Chapelle-Saint-Martin, Châteauneuf, Le Châtelard, La Chavanne, Cléry, Cognin, Coise-Saint-Jean-Pied-Gauthier, La Compote, Conjux, Corbel, La Croix-de-la-Rochette, Curienne, Les Déserts, Détrier, Domessin, Doucy-en-Bauges, Drumettaz-Clarafond, Dullin, Les Echelles, Ecole, Entrelacs (an chuid a chomhfhreagraíonn d'iarbhardais Albens, Cessens, Epersy, Mognard et Saint-Girod amháin), Entremont-le-Vieux, Epierre, Frontenex, Gerbaix, Grésy-sur-Aix, Grésy-sur-Isère, Hauteville, Jacob-Bellecombette, Jarsy, Laissaud, Lepin-le-Lac, Lescheraines, Loisieux, Marcieux, Méry, Meyrieux-Trouet, Les Mollettes, Montagnole, Montailleur, Montcel, Montendry, Montgilbert, Montsapey, La Motte-en-Bauges, La Motte-Servolex, Mouxy, Nances, Notre-Dame-des-Millières, Novalaise, Le Noyer, Ontex, Planaise, Plancherine, Le Pont-de-Beauvoisin, Le Pontet, Presle, Pugny-Châtenod, Puygros, La Ravoire, Rochefort, Rothèrens, Saint-Alban-de-Montbel, Saint-Alban-des-Hurtières, Saint-Béron, Saint-Cassin, Saint-Christophe, Saint-Franc, Saint-François-de-Sales, Saint-Genix-les-Villages, Saint-Georges-d'Hurtières, Saint-Jean-d'Arvey, Saint-Jean-de-Couz, Saint-Léger, Saint-Offenge, Saint-Ours, Saint-Paul, Saint-Pierre-d'Alvey, Saint-Pierre-de-Belleville, Saint-Pierre-de-Curtille, Saint-Pierre-d'Entremont, Saint-Pierre-de-Genebroz, Saint-Pierre-de-Soucy, Saint-Sulpice, Saint-Thibaud-de-Couz, Saint-Vital, Sainte-Hélène-du-Lac, Sainte-Hélène-sur-Isère, Sainte-Marie-d'Alvey, Sainte-Reine, Sonnaz, La Table, Thoiry, La Thuile, Tournon, Traize, Tresserve, Trévignin, La Trinité, Val-d'Arc, Valgelon-La Rochette, Verel-de-Montbel, Verel-Pragondran, Le Verneil, Verrens-Arvey, Verthemex, Villard-d'Hery, Villard-Léger, Villard-Sallet, Villaroux, Vimines, Vions, Viviers-du-Lac agus Voglans.

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is éard atá sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú maidir le táirgeadh fíonta, críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020:

Roinn Haute-Savoie

Abondance, Alby-sur-Chéran, Allèves, Allinges, Allonzier-la-Caille, Amancy, Ambilly, Annecy (na codanna a chomhfhreagraíonn d'iarbhardais Annecy agus Meythet amháin), Annemasse, Anthy-sur-Léman, Araches-la-Frasse, Arbusigny, Archamps, Arenthon, Armoy, Arthaz-Pont-Notre-Dame, La Balme-de-Sillingy, La Balme-de-Thuy, La Baume, Beaumont, Bellevaux, Bernex, Le Biot, Bloye, Boëge, Bogève, Bonne, Bonnevaux, Bons-en-Chablais, Bossey, Le Bouchet-Mont-Charvin, Boussy, Brenthonne, Brizon, Burdignin, Cercier, Cernex, Cervens, Chainaz-les-Frasses, Champanges, La Chapelle-d'Abondance, La Chapelle-Rambaud, Chapeiry, Châtel, Châtillon-sur-Cluses, Chavannaz, Chêne-en-Semine, Chênex, Chens-sur-Léman, Chevenoz, Chevrier, Chilly, Choisy, Clermont, Les Clefs, La Clusaz, Cluses, Collonges-sous-Salève, Contamine-Sarzin, Contamine-sur-Arve, Copponex, Cornier, La Côte-d'Arbroz, Cranves-Sales, Crempigny-Bonneguete, Cruseilles, Cusy, Dingy-en-Vuache, Droisy, Eloise, Epagny Metz-Tessy, Essert-Romand, Etaux, Etercy, Etrembières, Evian-les-Bains, Excenevex, Faucigny, Feigères, Fessy, Feternes, Fillière (na codanna a chomhfhreagraíonn d'iarbhardais Aviernoz, Evires, Les Ollières et Thorens-Glières amháin), Fillinges, La Forclaz, Gaillard, Les Gets, Glières-Val-de-Borne, Le Grand-Bornand, Groisy, Gruffy, Habère-Lullin, Habère-Poche, Hauteville-sur-Fier, Héry-sur-Alby, Jonzier-Epagny, Juvigny, Larringes, Lornay, Lovagny, Lucinges, Lugrin, Lullin, Lully, Lyaud, Machilly, Magland, Manigod, Marcellaz-Albanais, Marcellaz, Margencel, Marigny-Saint-Marcel, Marlioz, Marnaz, Massingy, Maxilly-sur-Léman, Mégevette, Meillerie, Menthonnex-en-Bornes, Menthonnex-sous-Clermont, Mésigny, Messery, Mieussy, Minzier, Monnetier-Mornex, Montriond, Mont-Saxonnex, Morzine, Moye, La Muraz, Mures, Nancy-Sur-Cluses, Nangy, Nernier, Neuvecelle, Neydens, Nonglard, Novel, Onnion, Orcier, Peillonnex, Perrignier, Pers-Jussy, Poisy, Présilly, Reignier-Esery (na codanna a chomhfhreagraío d'iarbhardas Reignier amháin), Le Reposoir, Reyvroz, La Rivière-Enverse, La Roche-Sur-Foron, Rumilly, Saint-André-de-Boëge, Saint-Blaise, Saint-Cergues, Saint-Eusèbe, Saint-Félix, Saint-Germain-sur-Rhône, Saint-Gingolph, Saint-Jean-d'Aulps, Saint-Jean-de-Sixt, Saint-Jean-de-Tholomé, Saint-Jeoire, Saint-Julien-en-Genevois, Saint-Laurent, Saint-Paul-en-Chablais, Saint-Pierre-en-Faucigny, Saint-Sigismond, Saint-Sixt, Saint-Sylvestre, Sales, Sallenoves, Le Sappey, Savigny, Saxel, Scientrier,

Scionzier, Serraval, Seyssel, Seytroux, Sillingy, Taninges, Thyez, Thollon-les-Mémises, Thônes, Thusy, La Tour, Vachèresse, Vailly, Valleiry, Vallières-sur-Fier, Vaulx, Veigy-Foncenex, La Vernaz, Vers, Versonnex, Vétraz-Monthoux, Villard, Les Villards-sur-Thônes, Villaz, Ville-en-Sallaz, Villy-le-Bouveret, Vinzier, Viry, Viuz-la-Chiésaz, Viuz-en-Sallaz, Vougy, Vovray-en-Bornes, Vulbens agus Yvoire.

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe 'Roussette de Savoie' a fhorlíonadh leis na hainmneacha geografacha breise 'Frangy' 'Marestel' 'Monterminod' nó 'Monthoux' i gcás fíonta a chomhlíonann na coinníollacha táirgthe a leagtar síos le haghaidh gach ceann ar leith de na hainmneacha sin.

Is féidir ainm an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe a fhorlíonadh le hainm an chineáil.

Marcáiltear na téarmaí roghnacha uile ar na lipéid i litreacha nach ceadmhach a bheith níos mó, ar airde nó ar leithead, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcuirtear in iúl ainm an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe.

Marcáiltear léiriú ar an gcineál ar na lipéid i litreacha nach bhféadfaidh a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-6439ab55-354d-4ff9-80b9-9aa41578f181